Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Feabhra 2022
(OR. fr)

5887/22

LIMITE

AGRI 37
AGRILEG 12
FOOD 10
SAN 68
PHYTOSAN 5
VETER 7
ENV 100
CLIMA 53
CODEX 2
WTO 12
RELEX 132

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir an Comhaontú Glas, an Comhbheartas Talmhaíochta agus an beartas trádála chun tacú leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe<br>- *Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht don mhalartú tuairimí maidir leis an ábhar thuasluaite agus a bheidh ann ag an gcruinniú den Chomhairle (‘Talmhaíocht agus Iascach’) an 21 Feabhra 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir an Comhaontú Glas, an Comhbheartas Talmhaíochta agus an beartas trádála chun tacú leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe**

Tá an tAontas Eorpach tiomanta d'aistriú a earnálacha talmhaíochta, bia agus foraoiseachta chun iad a dhéanamh níos athléimní agus níos inbhuanaithe, níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus do leas ainmhithe, chun freagairt ar mhórdhúshláin ár linne – go háirithe iad siúd a bhaineann leis an athrú aeráide agus le creimeadh na bithéagsúlachta, agus chun na héilimh shochaíocha a bhíonn ag síorathrú a bhaint amach.

Dá réir sin, mar chuid den Comhaontú Glas don Eoraip, tá spriocanna coiteanna uaillmhianacha molta ag an gCoimisiún Eorpach, amhail an treochlár 'Oiriúnach do 55' chun neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050 agus na straitéisí téamacha 'Ón bhfeirm go dtí an forc' agus 'Bithéagsúlacht' le haghaidh córais bhia shláintiúla, athléimneacha, chothroma agus inbhuanaithe, ar thacaigh an Chomhairle agus an Pharlaimint leo. D'athdhearbhaigh an tAontas Eorpach freisin na gealltanais sin ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia i mí Mheán Fómhair 2021.

Leis an gcreat nua seo, cruthaítear deis faoi leith chun an conradh sóisialta maidir le bia a dhéanann ceangal idir an tAontas Eorpach agus a shaoránaigh ó chur i bhfeidhm Chonradh na Róimhe a athdhearbhú agus a athmhúnlú. Tá na saoránaigh ag tabhairt níos mó airde ar ghnéithe comhshaoil, sláinte agus eiticiúla dá mbia, lena n-áirítear leas ainmhithe agus an gá atá le hioncam cothrom agus dálaí cuibhiúla oibre a áirithiú in earnáil na talmhaíochta.

Ionas go n-éireoidh leis an aistriú, is gá tacú leis na geallsealbhóirí Eorpacha ábhartha, amhail feirmeoirí, fiú má oibríonn siad i gcomhthéacs domhandaithe, ós rud é go bhféadfadh costais oiriúnúcháin a bheith i gceist leis an aistriú sin, ar costais iad nach bhfuil cumhdaithe ag an margadh i gcónaí. Cuirfidh an Comhbheartas Talmhaíochta nua don tréimhse 2023-2027 leis na costais oiriúnúcháin don talmhaíocht.

Sa bhreis ar an tacaíocht airgeadais, ní mór freisin rogha tomhaltóirí a éascú maidir le haistí bia inbhuanaithe agus éagsúla, agus beartais phoiblí an Aontais a ailíniú le cuspóirí inbhuanaitheachta, go háirithe an beartas sláinte agus cosanta ainmhithe, an beartas sláinte plandaí, an beartas sábháilteachta bia agus an beartas faisnéise do thomhaltóirí, chomh maith leis an mbeartas comhshaoil agus trádála.

Ní mór a chur san áireamh i mbeartais an Aontais freisin na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann le linn an aistrithe sin – go háirithe na héifeachtaí sin a bhaineann leis na feiniméin 'sceitheadh comhshaoil' chuig tríú tíortha – rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint óna éifeachtacht.

I ndáil leis sin, léirítear sa staidéar a rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin[1], a fhéachann le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí carnacha a bhíonn ag cuid de na cuspóirí a shainítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sna straitéisí 'Ón bhfeirm go dtí an forc' agus 'Bithéagsúlacht' ar an gcóras bia Eorpach, i bhfianaise na sochar comhshaoil agus aeráide a bhfuiltear ag súil leo, le cur chun feidhme na straitéisí sin, d'fhéadfadh laghdú teacht ar tháirgeadh talmhaíochta na hEorpa mar aon le méadú ar allmhairí táirgí talmhaíochta ó thríú tíortha nach mbeadh chomh huaillmhianach sin ó thaobh chosaint an chomhshaoil nó na sláinte de, nó nach bhfreastalóidís ar ionchais na dtomhaltóirí agus a mbeadh comhardú carbóin níos measa acu, b'fhéidir.

Gan beag is fiú a dhéanamh de shrianta modheolaíochta na hoibre seo[2], éilíonn torthaí an staidéir seo agus staidéir eile dá samhail machnamh a dhéanamh ar conas cosc a chur leis an méadú ar cheanglais sláinte agus chomhshaoil is infheidhme maidir le talmhaíocht na hEorpa ó laghdú ar ár n-acmhainneacht táirgthe a bhaint amach, ag a mbeadh iarmhairtí don soláthar bia domhanda a bhféadfadh míchothromaíochtaí sóisialta a bheith ag gabháil leo, agus méadú ar thionchair chomhshaoil nó aeráide i réigiúin eile ar fud an domhain.

---

[1] JRC, 2021, '*Modelling environmental and climate ambition in the agricultural sector with the CAPRI model*' [Uaillmhian chomhshaoil agus aeráide san earnáil talmhaíochta a mhodhnú le samhail CAPRI].

[2] Go háirithe, gan cuspóirí agus gníomhaíochtaí comhlántacha eile ó thaobh an éilimh de na straitéisí sin a chur san áireamh

Tá ról tábhachtach le himirt ag an taighde agus ag an nuálaíocht in aistriú rathúil thalmhaíocht na hEorpa, gan cur isteach ar a cumas táirgthe. Bheadh infheistíocht (róbatach, digiteach, géineolaíocht, bithréitigh), ina cuidiú freisin. Ar deireadh, is é cur chun feidhme na hagrai-éiceolaíochta an bealach is fearr chun acmhainneacht ithreach agus bithéagsúlacht éiceachórais a choinneáil, ar coinníoll é leis an acmhainneacht táirgeachta a choinneáil. Mar sin féin, chun na luamháin sin a úsáid, beidh cumas airgeadais leordhóthanach agus ioncam leordhóthanach ag teastáil ó fheirmeoirí na hEorpa.

Agus an méid sin á chur san áireamh, tá sé ríthábhachtach comhleanúnachas chuspóirí na dtrí bheartas a áirithiú, ar beartais iad atá bunriachtanach freisin do thógáil an Aontais Eorpaigh, dá rathúnas agus dá chumas freagairt ar dhúshláin na todhchaí:: an comhbheartas talmhaíochta lena rathaítear slándáil bia san Eoraip agus ar fud an domhain; An Comhaontú Glas don Eoraip, a bhfuil sé d’aidhm aige samhail nua an Aontais don fhás inbhuanaithe a shainiú; agus an beartas trádála, atá bunaithe ar rialacha an iltaobhachais a chosaint mar ghné den chobhsaíocht dhomhanda.

Agus rialacha an chórais iltaobhaigh trádála á n-urramú, ba cheart go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo maidir le comhleanúnachas, i gcomhréir leis na tosaíochtaí a mhol an Coimisiún Eorpach ina Theachtaireacht maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála.

In imthosca áirithe, ceadaítear cheana féin le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála bearta rialála, lena n-áirítear srianta ar allmhairí, chun cuspóir beartais dlisteanach a bhaint amach amhail an tsláinte, an comhshaol nó an mhoráltacht phoiblí a chosaint, ar choinníoll go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach agus nach srianadh faoi cheilt ar thrádáil iad, go bhfuil siad riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, go bhfuil siad bunaithe ar an eolaíocht agus go mbeidh éifeacht acu ar fheiniméin dhomhanda. Is léir gur cuid de na dúshláin dhomhanda sin iad an t-athrú aeráide, creimeadh na bithéagsúlachta agus frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach.

Chuige sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil a thíolacadh maidir le caighdeáin sláinte agus comhshaoil an Aontais (lena n-áirítear caighdeáin leasa ainmhithe agus próisis agus modhanna táirgthe) a chur i bhfeidhm maidir le táirgí talmhaíochta allmhairithe[3]. I bhfianaise na n-ionchas a cuireadh in iúl i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir le hathchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta, ba cheart go gcuirfí measúnú cuimsitheach ar an tsaincheist ar fáil sa tuarascáil sin agus go bhféadfaí na beartais phoiblí ábhartha go léir a chumhdach léi. Ba cheart go ndéanfaí í a fhoilsiú tráth nach déanaí ná Meitheamh na bliana 2022.

Chun a áirithiú go ráthaítear le táirgí talmhaíochta agus bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais, cibé acu de thionscnamh Eorpach nó allmhairithe iad, an leibhéal céanna cosanta sláinte agus comhshaoil do thomhaltóirí Eorpacha, is féidir roinnt luamháin a shainaithint:

(i) Athbhreithniú ar na huasteorainneanna iarmhar (UIanna) agus ar na lamháltais allmhairiúcháin (LAnna) le haghaidh táirgí cosanta plandaí;

(ii) Caighdeáin Eorpacha áirithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí a allmhairítear (bearta scáthánacha);

(iii) Tuilleadh lipéadaithe;

(iv) Na dúshláin sin a chur san áireamh i gcomhaontuithe trádála déthaobhacha;

(v) Gníomhaíocht agus comhar i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú a neartú.

[3] *Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin sláinte agus chomhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm ar tháirgí talmhaíochta allmhairithe, IO C 488/7, 6.12.21, lch. 7.*

**(i) Athbhreithniú ar na huasteorainneacha iarmhar (UIanna) agus ar na lamháltais allmhairiúcháin (LAnna) le haghaidh táirgí cosanta plandaí**

Bunaítear le reachtaíocht an Aontais creat chun táirgí cosanta plandaí[4] a chur ar an margadh agus a úsáid laistigh den Aontas. Rialaítear léi freisin bia agus beatha de bhunadh plandaí agus ainmhíoch a chuirtear ar an margadh trí uasteorainneacha iarmhar (UI) do lotnaidicídí a bhunú ar na táirgí sin[5]. Tá feidhm ag na teorainneacha sin maidir le gach táirge a chuirtear ar mhargadh an Aontais, is cuma cé acu san Aontas nó allmhairithe ó thríú tíortha a tháirgtear iad.

Diomaite de rialacha náisiúnta sa tír táirgthe, ní dhéantar úsáid táirgí cosanta plandaí chun bia nó beatha a tháirgeadh atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach a shrianadh , ach amháin ar an ngá gan na UIanna is infheidhme san Aontas Eorpach a shárú maidir leis an táirge a chuirtear ar an margadh.

Ceadaítear le rialacha an Aontais d'oibreoirí cur isteach ar lamháltas allmhairiúcháin (TI) lena n-áirítear i gcás substaintí gníomhacha nach bhfuil údaraithe san Aontas ar chúiseanna nach sláinte phoiblí iad, chun cleachtais talmhaíochta éagsúla a chur san áireamh agus chun freastal ar riachtanais na trádála idirnáisiúnta. Is féidir dá bhrí sin, UIanna a bhunú nó a choinneáil os cionn theorann chainníochtaithe na n-iarmhar i gcás substaintí nach bhfuil ceadaithe san Aontas. Fágann sin go gcuirtear ar an margadh go dlíthiúil bia nó beatha ina bhfuil iarmhair substaintí a bhfuil toirmeasc ar a n-úsáid san Aontas, fad is a fhanann leibhéil na n-iarmhar sin faoi bhun na UIanna infheidhme.

---

4 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus Treoir 2009/128/CE

5 Rialachán (CE) Uimh. 396/2005

Agus an méid sin á chur san áireamh, ní mór don Choimisiún Eorpach leanúint den athbhreithniú atá á dhéanamh aige ar UIanna/LAnna ar shubstaintí a bhfuil toirmeasc orthu san Aontas chun iad a thabhairt i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí a luaithe is féidir. Ba cheart breithniú níos fearr ar na dúshláin fhoriomlána chomhshaoil agus UIanna/LAnna á sainmhíniú a bheith mar chuid den obair sin, mar a mhol an Coimisiún ina thuarascáil an 20 Bealtaine 2020 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí[6], mar chuid den obair sin. Ina theannta sin, d'fhéadfaí UIanna a shocrú do tháirgí atá ceaptha lena n-úsáid mar bheatha ainmhithe amháin chun rialú níos fearr a dhéanamh ar an mbaol go ndéanfaí ainmhithe a éilliú le táirgí cosanta plandaí a d'fhéadfadh a bheith ina mbaol dá sláinte.

**(ii) Leanúint den obair ar chaighdeáin Eorpacha áirithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí allmhairithe**

Áirítear i reachtaíocht an Aontais cheana féin **forálacha do mhodhanna táirgthe a bhfuil feidhm acu 'mar scáthán' maidir le táirgí a allmhairítear** ó thríú tíortha. Sampla amháin de sin is ea an toirmeasc ar allmhairí ainmhithe agus táirgí atá díorthaithe ó ainmhithe ar tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh a úsáidtear chun fás a chur chun cinn agus atá forchoimeádta do shláinte an duine i Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta. Tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin an 28 Eanáir 2022, tá glacadh tapa na ngníomhartha tánaisteacha dá bhforáiltear in Airteagal 118 den Rialachán sin riachtanach chun an toirmeasc sin a chur chun feidhme go héifeachtach.

Mar a mholtar sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála[7], d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Aontas bearta breise a chur i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála.

---

6 Tuarascáil REFIT, COM/2020/208 final.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, (COM(2021) 66 final *cf.* 3.2.2.

Chun na críche sin, i gcomhthéacs measúnuithe tionchair a rinneadh roimh fhorbairtí reachtacha, d'fhéadfaí córas a bhunú ar mheasúnú ar a iomchuí atá sé caighdeáin táirgthe an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le táirgí ó thríú tíortha ar mhaithe le cosaint na sláinte nó an chomhshaoil a neartú nó aghaidh a thabhairt ar ábhair imní eiticiúla. Tá an Coimisiún ag obair ar athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le leas ainmhithe agus  ar Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe,  agus d'fhéadfadh sin a bheith ar an gcéad deis chun an cur chuige seo a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, leis an obair sin, d'fhéadfaí oibriú i dtreo creata rialála atá soiléir agus cuimsitheach, a chuirfí chun feidhme gan beann ar áit tionscnaimh an bhia.

**(iii) Scéimeanna lipéadaithe a fheabhsú**

Teastaíonn tuilleadh eolais ó thomhaltóirí faoi thionscnamh agus faoi mhodhanna táirgthe na dtáirgí talmhaíochta agus bia a cheannaíonn siad agus chun cur le córas bia níos inbhuanaithe trína roghanna.

Cuireann lipéadú thionscnamh na dtáirgí ar chumas na dtomhaltóirí a roghanna a dhéanamh i gcomhréir leis na hionchais a chuireann siad in iúl. Tá lipéadú tionscnaimh éigeantach cheana féin i gcás a lán táirgí a chuirtear ar an margadh san Aontas, is cuma cé acu a tháirgtear san Aontas iad nó a allmhairítear iad. Dá gcuirfí feabhas ar lipéadú tionscnaimh na dtáirgí talmhaíochta agus bia, i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, d'fhéadfadh go mbeadhtomhaltóirí na hEorpa níos eolaí faoi chaighdeáin táirgthe na dtáirgí a chaitheann siad.

**(iv) A áirithiú go gcuirfear na dúshláin sin san áireamh ar bhealach níos fearr i gcomhaontuithe trádála maidir le comhar**

Tá sé ríthábhachtach freisin go gcuirfeadh beartais agus ionstraimí an Aontais go héifeachtach le caighdeáin agus uaillmhianta domhanda a fheabhsú go comhchoiteann chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna domhanda sin. Cé nach féidir leis an mbeartas trádála amháin freastal ar na dúshláin uile a bhfuil freagairt dhomhanda ag teastáil ina leith, is luamhán é rochtain ar an margadh Eorpach, ar a ghnólachtaí agus ar níos mó ná 450 milliún tomhaltóir chun dul i mbun caibidlíochta, chun tionchar a imirt agus bheith ina dreasacht chun uaillmhianta agus caighdeáin a fheabhsú, rud nár úsáideadh go leordhóthanach go dtí seo.

Cuireann comhaontuithe trádála creat ar fáil freisin le haghaidh comhar le tíortha comhpháirtíochta ar cheart é a neartú, mar a bheartaítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Beartas Trádála, lena n-áirítear caibidlí nua maidir le córais bhia inbhuanaithe a chur san áireamh[8].

Ar deireadh, tá fabhair tharaife iltaobhacha nó dhéthaobhacha áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh ag brath cheana féin ar chritéir shonracha a bheith á gcomhlíonadh ag tríú tíortha. Mar shampla, is d'ainmhithe innilte amháin ó scoitheadh iad atá cuóta Hilton, mar a thugtar air, a bhaineann le hallmhairiú mairteola[9]. D'fhéadfaí leas a bhaint as an uirlis sin arís i gcomhthéacs na caibidlíochta atá le teacht, nuair is ábhartha.

Neartódh na gnéithe sin an méid a chuireann beartas trádála an Aontais le cuspóirí Straitéisí 'Ón bhfeirm go dtí an forc' agus 'Bithéagsúlacht' a bhaint amach, agus chuirfidís feabhas ar chomhchuibheas foriomlán bheartais an Aontais.

---

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, (COM(2021) 66 final *cf.* 3.2.6.

[9] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 593/2013 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2013 lena n-osclófar taraif-chuótaí do mhairteoil ardcháilíochta úr, fuaraithe nó reoite agus d'fheoil buabhaill reoite agus lena ndéanfar foráil maidir lena riar.

**(v) Gníomhaíocht agus comhar i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú a neartú**

In éineacht le beartas gníomhach maidir le comhar atá dírithe ar thríú tíortha a bhíonn ag onnmhairiú earraí chuig an Aontas a spreagadh chun caighdeáin táirgthe a ghlacadh i gcomhréir lenár riachtanais (lena n-áirítear, más iomchuí, comhthéacs na gcomhaontuithe trádála), tá sé tábhachtach go leanfadh an tAontas agus a Bhallstáit de bheith rannpháirteach go gníomhach i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú (Codex Alimentarius, IPPC agus OIE go háirithe) chun a bhfís agus a luachanna a chur chun cinn.

***Ceisteanna***

Chun cur leis an bplé maidir leis an aistriú chuig córais inbhuanaithe bia a thionlacan, agus iarrachtaí fheirmeoirí na hEorpa i dtaca lena modhanna táirgthe a athrú á gcaomhnú ag an am céanna, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1) An aontaíonn sibh leis an doiciméad maidir leis an ngá atá le comhleanúnachas bheartais earnála agus trádála an Aontais a neartú chun cuspóirí an Comhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a straitéisí earnála a bhaint amach, lena n-áirítear maidir le táirgí allmhairithe?

2) Cad iad na huirlisí ba cheart a úsáid i gcleachtas chun a áirithiú go mbainfear amach an comhleanúnachas sin?